# Guth Ghoill

Luach:€1.50

## An Fhéile Náisiúnta sna Dúnaibh







**Seo thuas daoine a bhí páirteach san Fhéile Náisiúnta a bhí againn sna Dúnaibh ar na mallaibh.**

Sa bhliain 2005 nuair a bhí an Fhéile Náisiúnta a reáchtáil sna Feochanaí i gCo. Chiarraí chuir Céim Aniar iarratas isteach go mbeadh an Fhéile Náisiúnta sna Dúnaibh i 2007 agus d'éirigh leis an iarratas. Roinnt seachtaine ó shin bhí bunadh na háite thar a bheith bródúil go raibh an Fhéile Náisiúnta ar a bhfód. Níl an cumann Drámaíochta ach ina óige agus ba mhór an onóir a bhí ann deis a fháil féile náisiúnta den saghas seo a reáchtáil. Bhí aisteoirí anseo ó achan chearn den tír.





*Bhí ranganna ceoil uirlise agus ranganna amhránaíochta á reachtáil ag Céim Aniar le gairid in Ionad Ros Goill, do pháistí bunscoile, sin ranganna feadóige stáin, fidle, bosca ceoil agus consairtín. Ar an 12 Meithimh, an lá deireanach de na ranganna, chuir na páistí ceolchoirm bheag ar siúl san Ionad agus tháinig tuismitheoirí, seanaithreacha, seanmháithreacha agus cairde isteach le iad a chloisteáil. Sheinn achan pháiste píosa aonréad, sheinn siad le chéile agus sheinn siad i ngrúpaí éagsúla. Bronnadh teastas agus duais ar achan pháiste agus bhain achan duine sult millteanach as an ócáid. Maith sibh a pháistí.*





# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar

An Fhéile Náisiúnta Drámaíochta
& Ceolchoirm in Áras Ros Goill ............1
Clár ..............................................................2
An Fhéile Náisiúnta sna Dúnaibh .3,4,5
Turas go hOileán Í ...................................6,7
Gorta Mór ............................................8,9,10
Gáinne & Siar 'a Bealach ..............11,12
Imeachtaí Chéim Aniar ..........................13

Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne
Campa Samhraidh
Cúrsa Dioplóma sa Ghaeilge

Feadaímó ............................................14,15
An Chéad Chomaoineach ......................16

# *An Fhéile Náisiúnta Drámaíochta sna Dúnaibh 2007.*

*Tá tionchar mór ag an Fhéile Náisiúnta ar an teanga sna Ghaeltachtaí éagsúla agus mar sin gur bhfiú amharc ar an stair a bhaineann lei.*

*Thig linn Féile Drámaíochta an Oireachtais i 1947 a áireamh mar an chéad Fhéile Náisiúnta Drámaíochta. Ach ba dhrámaí gearra a bhíodh san fhéile suas go dtí 1961 agus ba le linn Fhéile an Oireachtais i bhfómhar na bliana a bhíodh an fhéile ar bun. Bhí An Chomhairle Náisiúnta Drámaíochta ar an saol ó 1959 agus ó 1961 ar aghaidh d'eagraigh An Chomhairle sin Féile Náisiúnta Drámaíochta an Oireachtais ag deireadh an earraigh gach bliain. Ó 1961 go dtí gur bunaíodh An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta i 1976 bhíodh An Fhéile Náisiúnta Drámaíochta i mBaile Átha Cliath gach bliain, ach amháin i 1972 nuair a reáchtáladh an Fhéile Náisiúnta i dTaibhdhearc na Gaillimhe. Bhí an chéad Fhéile Náisiúnta Drámaíochta á eagrú ag an Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta ar siúl in Amharclann Ghaoth Dobhair ón 7 go 15 Bealtaine 1976. Agus tá sé suimiúil gur thug cathaoirleach an Chomhlachais, Seán Ó Tuairisg caint dar teideal "Drámaíocht Don Phobal" ag ócáid na hoscailte, agus fós thug Aodh Mac Laifeartaigh cathaoirleach Chéim Aniar caint ar an téama chéanna i mbliana sna Dúnaibh.*

*Go dtí 1980 bhíodh an Fhéile Náisiúnta ar siúl ar dhá dheireadh seachtaine I ndiaidh a chéile le dráma áitiúil ar Déardaoin nó ar an Aoine agus gan aon seisiún ar siúl i rith an lae. Ach ó 1981 ar aghaidh socraíodh ar dheireadh seachtaine amháin sa dóigh is go mbeadh baill na gcumann éagsúla ábalta bualadh le chéile agus na drámaí uilig a fheiceáil. Is páirt mhór é anois den Fhéile an teacht le chéile seo agus dar ndóigh bíonn craic agus comhrá idir na foirne uilig. Tá éigse na Féile mar pháirt den fhéile anois. Sé sin, agallamh beirte, agus amhráin saothair agus lúibíní. Taispeánann an fhéile seo seanchultúr na tíre seo agus an saibhreas a bhaineann leis.*

*Fuair Coiste Céim Aniar deontas ó Ealaín na Gaeltachta sa bhliain 2003 chun seó Gaelach a chur ar an ardán sna Dúnaibh. Fuair muid fear de bhunadh na háite, Francie Ó Cuilinn le tabhairt faoin tógra seo.*

*De thairbhe go raibh Gaeltacht Ros Goill chomh beag sin agus fosta go raibh sí chomh scaite sin amach ó na mórcheantair Ghaeltachta eile ní raibh traidisiún láidir drámaíochta sa cheantar ariamh agus drámaí ar bith a léiríodh san áit ba i mBéarla a bhí siad. Mar sin de ar dhóigh bhí muid ag tabhairt faoi ghné den chultúr nach raibh cleachtadh ar bith ag muintir na háite air agus ba seo talamh úr a bhí ar intinn againn a threabhadh. Chuir muid cumann drámaíochta ar bun 'Aisteoirí Mhíobhaigh' agus chuaigh Francie i mbun oibre ag scríobh.*

*Scríobh sé dráma úr, 'Fear an Gheata', scéal a*




*bhí bunaithe ar thraidisiún atá faoin cheantar seo, 'sé sin go bhfanann an duine deireanach a cuirtear i Reilig Mhíobhaigh ag faire ar an gheata go dtí go bhfaigheann an chéad duine eile bás. Dráma grinn a bhí ann agus chuir muid an dráma isteach ar an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta. Nuair a léirigh aisteoirí Mhíobhaigh an dráma sin i mí Aibreán 2004 bhí Coláiste Ros Goill plódaithe. Ba seo an chéad uair ariamh i gcuimhne na ndaoine ar léirigh aisteoirí áitiúla dráma Gaeilge agus chuir sé go mór leis go raibh an scéal bunaithe ar thraidisiún áitiúil.*



*D'éirigh go han-mhaith leis an dráma seo agus bhí sé mar pháirt den Fhéile Náisiúnta Drámaíochta sna Feochainí i gCo. Chiarraí áit a bhfuair sé duais.*

*Níl amhras ná gur spreag na himeachtaí seo muid agus chuaigh ár gcuid iarrachtaí i dtreise. Ar feadh trí bliana ina dhiaidh sin scríobh Francie trí dhráma úr—Paidreacha nach bhFreagraítear, An Triall, agus an dráma a bhí ar an ardán I mbliana Peacadh Cholmcille.*



*Bhí an dráma seo bunaithe ar eachtra cáiliúil a tharla le linn ré órga na hÉireann, nuair a bhí mainistreacha agus manaigh i réim agus scoileanna acu a raibh cáil agus cliú orthu agus a raibh micléinn ag tarraingt orthu ó Mhór Roinn na hEorpa. Dar ndóigh bhí a lán cumhachta ag na manaigh seo agus, go minic, macasamhail saol an lae inniu siúlann éad, bród agus saint le cumhacht. Agus is cinnte go bhfuil sin go mór taobh thiar den eachtra seo.*




*Níl morán Éireannaigh nár chuala faoin bhreithiúnas a thug Ard-Rí na hÉireann ar an chóip a rinne Colmcille de leabhar Naomh Fhinghín---'Is le gach bó a gamhan, is le gach leabhar a chóip'. Tá an dráma, ina bhfuil an fhírinne ar an gcuid is mó measctha le beagáinín samhlaíochta, scríofa go hálainn ag Proinsias Ó Cuilinn sa dráma seo.*

*Bhí an Fhéile Náisiúnta Dramaíochta ar siúl ón Aoine an 4ú Bealtaine go dtí an Domhnach an 6ú Bealtaine. Bhí an oscailt oifigiúil ann ar an Aoine leis An Easpag Ró-Oirmhinneach Pilib Ó Buaidhe agus bhí sé á chraoladh beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, mar a bhí ar an Domhnach nuair a bhí moltóireacht na féile agus bronnadh na nGradam ann.*



*Sé Máirtín Mac Donncha a bhí ann mar fhear an Tí agus rinne sé jab iontach de.*



*Bhí an halla plódaithe agus bhain an lucht éisteachta sult mór as an deireadh seachtaine iomlán.*



*Is é an deacracht is mó a bhaineann leis an teanga ná go gcuirtear í isteach i mboscaí---sa seomra ranga, san oifig, ar an ardán etc. Caithfear í a thabhairt amach as na boscaí, í a bheith poiblí agus ciallaíonn sin ócáidí poiblí. Ar a laghad thiocfaí a rá go bhfuil an drámaíocht leathphoiblí.*

*Maidir leis na páistí de níl dóigh ar bith níos fearr chun féinmheas agus féinmhuinín a spreagadh i bpáistí ná iad a chur ar ardán agus más mó ócáidí acu seo atá i nGaeilge is amhlaidh is fearr do chaighdeán Gaeilge an pháiste. Chomh maith leis sin cruthaíonn sé agus cothaíonn sé grá don teanga. Tá cúrsaí drámaíochta do pháistí bhunscoile faoi lán seoil le trí bliana anuas fosta, agus tá ag iarraidh go maith leis.*

*Na chéad bhlianta a bhí muid i mbun na drámaíochta fuair muid an-tacaíocht ón Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta. Cé nach raibh a fhios againn nuair a chuir muid an Cumann Drámaíochta ar bun ba fear de bhunadh na háite a bhí ina chathaoirleach ar an Chomhlachas ag an am. Ba fear a bhí ann a chaith a shaol as baile ach níor shíl sé ariamh nuair a rinneadh cathaoirleach de go mbeadh deis aige an Fhéile Náisiúnta a reáchtáil ina cheantar dúchais féin ach sin díreach mar a tharla. Proinsias Ó hOireachtaigh a ainm agus is fear bródúil é anois go háirithe siocair gur éirigh chomh maith sin leis an fhéile.*



*Bhí aisteoirí anseo as gach cearn den tír agus bhain siad sult millteanach as an turas go dtí na Dúnaibh. Bhain Francie duais sparántachta do dhráma nua-scríofa agus seo thíos pictiúr de Phrionsias ag bronnadh an duais air.*



*An cheist dheireanach faoi seo uilig. An raibh an fhéile maith do na Dúnaibh? Bhí, agus ár míle buíochas don Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta agus d'achan duine a chuidigh linn ar dhóigh ar bith leis an fhéile a eagrú.*

*Níl amhras ar bith faoi dtaobh de, bhí deireadh seachtaine iomlán againn ina raibh ár dteanga le cloisteáil sna tithe tábhairne, sna siopaí, amuigh ar an tsráid agus ar an Aifreann agus go háirithe ar an ardán sa halla san Ghaeltacht bheag iargúlta seo i dTuaisceart Thír Chonaill.*



## Thar sáile.

Beidh Aisteoirí Mhíobhaigh ag dul anonn go Glaschú leis an dráma 'Peacadh Cholmcille' ar an 13ú Iúil agus beidh an dráma ar stáitse ins an Coupar Inst, Clarkston Rd. ag 8pm. **Eolas Breise:** Gráinne Crothers, Conradh na Gaeilge, Glasgow:
0044 1414339495 nó 0044 7877830779
Coinneach Combe, Comunn na Gaidhlig:
0044 141 339 2022.



*C*



*An Halla i nGlaschú*

Tá léar suim a thaispeáint ag lucht na Gaeilge i nGlaschú sa dráma agus tá súil againn scaifte maith a fháil ar an oíche. Tá Gráinne Crothers, Conradh na Gaeilge i nGlaschú ag cuidiú linn rudaí a eagrú agus tá muid an-bhuíoch di ar a shon sin.

Beidh muid ag buaileadh le lucht na Gáilge (Gaeilge na hAlba) fosta agus tá a fhios againn cheana go dtuigeann siadsan Gaeilge Thír Chonaill go maith agus nár chóir do dheacrachtaí móra ar bith a bheith acu muid a leanstan.

Má tá aithne agaibh ar dhuine ar bith i nGlaschú cuir amach an scéal chucu mar beidh fáilte rompu uilig go dtí an halla agus ina dhiaidh sin i Shearky's Bar sna Gorbels.

# Turas go hOileán Í

Cúpla mí ó shin, rinne ball de Choiste Cholmcille, ar Oileán Í, teagmháil le Céim Aniar fá na curacha a bhí tógtha ag Coiste Forbartha Mhíobhuí, mar go bhfaca duine den choiste na curacha luaite in eagrán de Ghuth Ghoill tamall ó shin. Chuir Céim Aniar iad i dteagmháil le Coiste Forbartha Mhíobhuí agus ba sin tús le turas na gcurach go hOileán Í. Bhí cruinniú den Choiste againn ansin agus shocraigh an Coiste dul anonn go dtí an Oileán leis na curacha. Bhí Caitríona Buntane tofa mar runaí ar an turas agus bhí uirthi na socraithe uilig a dhéanamh agus tá buíochas mór tuillte aici as an sár-jab a rinne sí. Bhí orainn ansin foireann a thoghadh agus bhí dhá rud tábhachtach i gceist anseo:

1. An Ghaeilge go líofa; mar go raibh suim ar leith acu sna teangacha Ceilteacha. Tá feachtas ar siúl acu le cúpla bliain anuas leis an Ghaidhlic a athbheochan ar na hOiléain agus i dtuaisceart na hAlban; tá seo rud beag cosúil linn fhéin i Ros Goill, agus
2. Scoth ramhaí; agus ní raibh deacracht ar bith againn ceathrar fear a fháil a raibh na scileanna seo acu. Toghadh Proinnsias MacGiolla Bhríde, nó Frankie Dubh más fearr aithne air, mar cheannrodaí, Dohmnaill Ó Séibhlin, Mairtín Ó Gallchóir, Donnchadh Ó Brógáin agus fosta cúpla fear ionad cosúil le Antóin Mac Giolla Bhríde, Domhnall Ó Gallchóir agus Seosamh Ó Buntane agus ansin an lucht tacaíochta, agus caithfidh mé a rá go raibh na baic chéanna breá callánach.

D'fhág siad Ros Goill go luath ar maidin Déardaoin agus shroich siad Oileán Í mall sa tráthnóna. Tá Féile Cholmcille ar an 9 Meithimh agus bhí orthu a bheith ansin ar an Féile. Gheall an coiste leabhar a chur le chéile ar stair na gcurach sa leithinis seo agus thit sé ar Noirín agus Emmet Goulding seo a dhéanamh. Tá Noirín ina saineolaí ar stair agus cultúr na h-áite agus is breá an grianghrafadóir Emmet, agus fosta tá an bheirt acu ina mbaill den Choiste. Bhí



Emmet pairteach fosta i dtógáil na gcurach agus rinne sé neart grianghrafadóireachta le linn na h-oibre. Caithfidh mé a rá go ndearna siad jab iontach den leabhar seo, idir stair na gcurach agus grianghraif go leor lena chois. Bhronn Frankie Dubh an leabhar seo ar Mháire Macleod ar Oileán Í agus dúirt sí go raibh an leabhar seo thar barr agus go mbeadh sé chomh tábhachtach leis an leabhar a ndearna Colmcille é féin cóip de. Tá an Coiste faoi chomaoin acu mar go bhfuil fios againn an taighde agus an t-am a bhí ag baint le seo agus go raibh maith agaibh as an sár-jab. Ba mhian leis an Choiste gach rath a ghuí ar Emmet as a thinneas agus tá súil againn go bhfeicfidh muid é gan mhoill ar a sheanléim.

Ba í Máire Macleod a bhí ina h-eagraí ar an Fhéile agus tá súil againn go bhfeicfidh muid í féin agus cuid de bhunú an Oileáin anseo i Ros Goill am éigin, mar tá an ceangal sin déanta anois agus fosta an ceangal atá idir Ros Goill agus Oileán Í ó thaobh Cholmcille de, deir siad gurbh É a thóg an chéad mhainistir thíos i seanreilig Mhíobhuí. Bhí ócáid mhór ann De hAoine ag an oscailt oifigiúil nuair a dfhág na curacha agus na báid seoil Oileán Mull le dul trasna go hóileán Í.

Bhí seo ina radharc galánta le feiceáil agus an fháilte a fuair siad ag tarraingt isteach ar an



ché. Bhí suim mhór sna curacha agus bhí Frankie Dubh agus a fhoireann ar a ndícheall ag tabhairt daoine amach sna curacha. Sílim go raibh mná Oileáin Arainn, amach ó chósta na Gaillimhe, ina sár-iomróirí agus de réir mar a chuala mé, is dócha go raibh an bua acu ar mhuintir Ros Goill sa rámhaíocht ar chaoi ar bith.

Bhí an t-adh orainn mar go raibh an aimsir go breá agus an ghrian ag scoilteadh na gcarraigeacha. Tá an tOileán seo thart fán méid céanna le Tóraí agus tá daonra de thart fá chéad duine, ach deir siad go bhfuil céad eile ag teacht isteach ar an Oileán achan lá sa samhradh ó Mull, ag obair sna h-óstáin, sna bialanna agus sa Mhainistir. Tá béim mhór ar an turasóireacht ar

an Oileán agus tá sé go hálainn ar fad, na tithe, na casáin, na bealaí agus achan rud eile chomh



slachtmhar, agus tá an gaineamh ar na tránna chomh geal le sneachta. Oileán suimiúil agus naofa atá ann agus tagann cuid mhór de seo ó Cholmcille agus a chuid manach. Tagann cuid mhór oilithreachtaí ag déanamh turais éagsúla, ag dul thart ar na toibreacha naofa agus ag guí sa Mhainistir.
Tá á dteanga féin acu "An Gaeidhlig" agus bhí muid ag comhrá leo chomh maith is ab fhéidir linn. Ní raibh sé furasta ach bhí cuid de na focail mar an gcéanna is atá againn féin. Daoine



an-chairdiúil iad agus chuir siad fearadh na fáilte romhainn. Tá Oileán Í thart fá mhíle ó Mull agus ansin tá Mull thart fá dhaichead bomaite ar an bhád farantóireachta ó Oban. Seo turas deas agus feiceann tú cuid mhór oileáin bheaga eile. Glacann sé amach is isteach ar uair a chloig le Mull a thrasnú agus bád farantóireachta Oileán Í a bhaint amach. Bhí muid ábalta rothair a fháil ar cíos le dul thart ar an oileán. Is é seo an dóigh is fearr le é a fheiceáil. Caithfidh mé a rá gur bhain achan duine sult mór as an deireadh seachtaine agus bhí pionta maith ar an oileán fosta.
Ba mhaith liom, thar ceann an Choiste, buíochas a thabhairt d'achan duine a rinne an turas idir na hiomróirí agus an lucht tacaíochta agus duine ar bith a chuidigh leis an turas iontach seo.








Nuair a thagann tú baile fearainn na nDunaibh, is é Gortamór an chéad bhaile a bhuailfidh tú leis agus tú ag dul ó thuaidh. Tá sé ina luí idir Doire an Chasain Beag agus Cuan na Long, agus a chladach féin aige – Cladach Ghortamór. Bhí an cladach sin tábhachtach sa tsean-am mar is ann a choinnigh na h-iascairí a gcuid currach, agus iascairí den chuid is mó a bhí i gcuid fear Ghortamór. Rinne siad iascaireacht i gcurracha le líonta agus bhí iascaireacht mhór gliomaigh ansin tráth.

***Seanbhallóg Lynagh idir theach Den Dhónaí***



***agus teach Den Antáin***

Seacht dteach a bhí i nGortamór i m'óige, 's iad sin teach MhicIomhair, teach Den Dhonaí, teach Den Antáin agus teach Hughie Lynagh a bhí ina shean bhallóg idir an dá theach sin. Ansin bhí teach Charlie John Nohie, teach Mhici Bhoydie agus teach James Shearlaí Shéimí.

***Teach Sonny***

Tá teach úr tógtha ag Sonny Shéimí anois in aice



an tseantí agus teach ag Paidí Thorraigh fosta.

***Teach Phaidí Thorraigh***

***Teach Mháire Shéimí***



Bhí Máire Shéimí (iníon James) pósta ar Shéamas



Ruaidhrí as Ceann Caslach. Ba é a bhí mar mháistir ar bhuíon ceoil Ros Goill sna caogaidí, agus is i scioból Shéimí a bhíodh an bhuíon ceoil ag cleachtadh. Bhí seisear clainne acu, Sonny, May, Nancy, Peigí, Joe agus Caoimhin. Tá cónaí ar Sonny agus Joe anseo go fóill.

***Teach Bhoydie***

Siar an cuibhreann tá teach Mhick Bhoydie. Bhí



Mick pósta ar Bhidí Frank Bhoy. Bhí ceathrar clainne acu, Paidí, Frank, Joe agus Marc. Saor cloiche den scoith a bhí i Mick agus thóg sé an teach deas sin é fhéin, ag taobh theach a athara atá ansin go fóill. Is sa teach úr sin a thionóil Coláiste Gaeilge Ros Goill nuair a thosaigh sé ar dtús.

***Teach Charlie John Nohie***

Tá seanteach Charlie John Nohie ina sheasamh comh deas seascair is a bhí riamh. Tá dhá theach úra tógtha ag dhá mhac Charlie, John agus James



– sampla deas de ghlúin i ndiaidh glúin. Iascaire clúiteach, a raibh bád breá "Ros na Cille" aige, a bhí i Charlie. Bhí sé pósta ar Mháire John Eoin ach tá siad beirt ar shlí na fírinne.

***Teach John Mhic Giolla Chearra***
***Teach Shéamas Mhic Giolla Chearra***

Tá teach Den Antáin druidte suas. Bhí Den ina iascaire agus é pósta ar Bhidí Jimmí Johndy as



an Ard Bhán. Bhí seachtar clainne acu, Ned,



Jimmí, Tony, John, Charlie, Cití, agus Máire. Tá Máire pósta ar Charlie O'Gallchóir ag Tobar an Dúin agus tá cónaí ar Chití, Tony agus Charlie sa cheantar seo.

***Teach Den Antáin***

Mar an gcéanna tá teach Den Dhonaí druidte suas agus an chlann uilig ar shiúl. Bhí Den Dhónaí pósta ar Mháire Flood as an Gholán. Seisear clainne a bhí acusan, Cití, John, Máire, Rosie,



Eddie agus Danny. Níl fágtha beo anois ach Cití, i gContae Thiobraid Árann.

***Teach Den Dhónaí***



***Sean-***  ***teach***

***MhicIomhair***

Fágann sin teach MhicIomhair, an teach is deise

don fharraige. Bhí Donnchadh MacIomhair pósta ar Pheigí Mhicí Mhór, agus triúr clainne acu, Máire, Paidí agus Micí. Thóg Micí teach i ngar do theach a mhuintire agus thóg sé clann mhór. Tá Paidí agus Máire ina gcónaí i gCarraig Airt. Iascaire a bhí i nDonnchadh agus bhí dearthái aige fosta, Jimmí, duine léannta ar ghnáth leis litreacha oifigiúla a scríobh do dhaoine chuig Ranna eagsúla an Rialtais.

**Teach Mhicí MhicIomhair**
***"Coast Watch"***



Le linn an chogaidh dheireanaigh bhí tábhacht ar



leith ag baint le Gortamór, mar gur ann a tógadh foirgneamh cloiche a d'fhreagair mar "Coast Watch" d'Arm na Breataine.



***"Coast Watch"***

Thiar ag an Bhinn Lofa a tógadh é agus cé nach bhfaca duine ar bith saighdiúir ariamh ann, tá an foirgneamh garbh ina sheasamh go fóill.

Sin scéal Ghortamór. Más maith le duine ar bith cur chuige ná uaidh, bheadh muidne i nGuth Ghoill fíorbhuíoch cloisteáil uaibh.

P.S. Chuir Séamas Mac Giolla Chearra litir in eagrán eile de Ghuth Ghoill, ag fiafraigh an mbeadh suim ag duine ar bith cuidiú le "Teacht le Chéile" a eagrú do Dhiaspora Ros Goill. Má tá, cuir glaoch air ag: 087 2565977.

*Mo Ghloine Uisce Bheatha*

*Ó, cá bhfuil an fear a thig abhaile tráthnóna,*
*Agus cupla scilling leis mar phá an lae,*
*Nach maith leis ruaig a thabhairt go tigh a' leanna,*
*Nuair a bheas sé glanta suas i ndiaidh am tae.*

*Curfá:*
*Ó, ba mhór mo shuim ariamh sna cailíní óga,*
*'S ba mhaith liom bheith ag imirt leo 's a' gabháil cheoil,*
*Ach ní thabharfainn ar a bhfuil de mhná in Éirinn*
*Mo ghloine uisce bheatha i dtigh an óil.*

*Tá daoine ann adeir nach ceart a bhlaiseadh,*
*Ach ní thabharann sinne aird ar chaint den tsórt;*
*Nuair is maith linn bíonn sé againn, ceann go suaimhneach,*
*'S 'na dhiaidh sin ceol a's damhsa, scléip is spórt.*

*Curfá*



Seo iad cuid de na fir ó Thionscnamh Oideachais na bhFear ag déanamh cliabh sa rang a bhí ar siúl san Ionad Acmhainne le gairid. Bhí cúig dhuine dhéag ag freastal ar na ranganna seo agus ba é Alistair Simmons a bhí ina mbun.

FÓGRA do lucht ealáine, grianghrafadóirí, lucht déanta cártaí agus ceardaí ar bith atá ina gcónaí as cheantar seo!

*Tá rún againn taispeántas Ealaíne agus Ceirde a chur ar fáil in Áras Ros Goill an tseachtain dheireanach de Mhí Iúil. Má tá suim ag duine ar bith ann, cuir glaoch ar an Ionad Acmhainne ar: 9155055.*

# Gáinne & Siar a' Bealach.

Ag an choirnéal ag teacht isteach 'na nDúnaibh in aice le Páirc Peile C.L.G. na nDúnaibh tabhair aghaidh ó thuaidh i dtreo an chnoic is airde sa leithinis – Gáinne. Ar thaobh na láimhe clé, tá baile fearainn Leargán Riabhach, óna dtagann ainm na scéime tithíochta atá le feiceáil ansin. Tógadh an chéad réimse tithe sin thart fá 1954. Ar chúl na scéime tithiochta tá Teach Leargáin Riabhach, áit a raibh Oifig Poist na nDúnaibh suite, lá den tsaol, ag tús na fichiú haoise. Ar thaobh na láimhe deise agus tú ar do bhealach suas an mhalaigh, tá baile fearainn na Machaire Bige.

Giota níos faide ar aghaidh tá Páirc Charbháin na Machaire Bige agus bialann Radharc na Mara a



tógadh sa bhliain 2000. Osclaíodh an áis bhreá sin ar a dtugtar Ionad Fóillíochta na Machaire Bige atá le feiceáil i gceathrú uachtarach na Páirce, in Aibreán na bliana 2006.

Ag bun Chnoc Gáinne (682 troigh) tá Eaglais Réalt na Mara, 406 troigh os cionn leibhéal na



farraige. Do réir dealreamh, ní áit inaimsithe í ach deimhneoidh sracfhéachaint ar an léarscáil go bhfuil sí i gceartlár na leithinise. Tá Carraig an Aifrinn i ndeis don Teach Pobail.



Ag dul in airde os cionn an tséipéil tá Cnoc Gáinne. Is de '*pelite*' is mó ata sé déanta agus é maisithe go hálainn idir aiteann bhuí, '*cotoneaster*' na gcaor dearg agus an fraoch corcora ag fás go fairsing, flúirseach ar a chuid sleasa. Cuireann caoirí, giorriacha, agus gabhair fhiaine fúthú ar Gháinne agus is minic a tchítear an seabhac ar foluain os a chionn. Thig macalla iontach a bhaint as na creagacha agus tú ag siúl siar ar chúl an tséipéil.

Tá cuid de stairithe na háite den bharúil gur truailliú den fhocal Gráinne [ó Dhiarmad & Gráinne] an t-ainm Gáinne. Bhí Gráinne geallta le Fionn Mac Cumhaill, ceannaire na bhFiann agus nuair a theith sí i gcuideachta Dhiarmada, chuaigh Fionn sa tóir orthu ar fud fad na tíre. Deirtear gur chaith siad oíche thuas ar bharr Gáinne, dalta go leor áiteacha eile ar fud na hÉireann a dtugtar 'Leaba Dhiarmada & Gráinne' orthu.

Stad anseo ar feadh tamaill agus breathnaigh ar éagsúlacht na radharcanna i bhfad uait: Soir uait tá ríulacht chreagach Gháinne agus cnoic



Fhánada; soir ó dheas tá coill na Maoile Ruaidhe agus sráidbhaile Charraig Airt; ó dheas tá glaise Ghailf-Chúrsa Ros na Binne agus beanna Mhá'sleac, a scarann Trá Beag na nDúnaibh ó na trí mhíle de ghaineamh órdha Thrá Mór.

Siar ó dheas tá Caisleán na dTuath agus Páirc Fhoraoise na hÁrdaí ina seasamh faoi scáth na Mucaise maorga (2197 troigh); siar uait tá Cuan na Long ag síneadh siar go bun Chorrán Binne,



6oo troigh os a chionn, ag coinneail gárda ar an bhá agus taobh thall de sin arís, idir tú agus leas,

tá Oileán ársa Thoraigh, corr-uair leath-chlúdaithe le ceo, ar nós Hy-Brasil an tsean-ama.

Lean ar aghaidh thar an chómhartha do Bhaile an tSléibhe. Tchífidh tú cómhartha do Chnoc na Marbh ar thaobh na láimhe clé ach ná bíodh eagla ar bith ort agus tú ag tarraingt air! Fuair Cnoc na Marbh a ainm siocair gurb anseo ar ghnáth leo siúd a bhí ag teacht aniar ag iompar an chónair scíste a ghlacadh agus iad ar a mbealach go roilig Mhíobhuí, ar thaobh thoir na leithinise.

Is ag an phointe seo a thosaíonn an bealach ag dul síos i dtreo Dhoire a' Chasáin Beag. Ar do bhealach anuas tchífidh tú Bá Dhún Fionnachaidh agus an sráidbhaile féin faoi scath Chorrán Binne.

Lean ar aghaidh fríd Dhoire Chasáin Beag lena chóirnéal dronn-uilleogach agus corr chruach mhóna go dtí'n bealach mór. Coinnigh ar chlé agus tiocfaidh tú ar shean-scoil Dhoire a' Chasáin (1901) agus soir ó dheas uaidh ar a chúl, Cnoc an Fhairigh, ainm a thagann ó *'fear faire'*, creidim, anuas againn ó am na bPéindlithe. Thíos ag bun an mhallaigh tá Coláiste Ubhaile





Chomhaltas Uladh, áit a reachtáiltear cúrsaí Gaeilge gach Samhradh. Ba é Eamon De Valera, iar-Uachtarán na hÉireann a d'oscail an Choláiste sa bhliain 1951.

Coinnigh ar dheis ag coinneáil an 'Bogach' ar do lámh dheas go dtiocfaidh tú fhad leis an chrosbhealach. Ar do bhealach ar ais 'na nDúnaibh beidh radharcanna suimiúla de Chuan na Long, de Cnoc na Marmara agus Óstán an Shandon ar a chúl, le feiceáil. Ag teacht thart an chéad coirnéal eile duit, amharc ó dheas trasna na bá agus tá Trá Mór le feiceáil. Is é Sliabh Loch's Alt an sliabh is airde atá le feiceáil idir thú agus léas ar an spéirdhreach. Deireann daoine go bhfuil cruth duine ar a dtugtar 'An Fathach ina Chodladh' ar bharr na gcnoc taobh thiar de. An bhfuil tú ábalta a imlíne a dhéanamh amach? Tharraing mé pictiúr beag de, ina luí ar a dhroim, a lámha trasnaithe ar a chliabh agus ba chóir gur léir duit a chlár éadan, a shrón, a smig agus a chosa agus é ina luí go suaimhneach ag bun na spéire.

Is é Caiseal na nDúnaibh is ainm don chnoc atá le feiceáil ar chlé. Is ón chnoc seo a fhaigheann an sráidbhaile a ainm agus mar a bheifeá ag dréim leis, tá iarsmaí dhúin chiorclach de chuid Ré na Cré-Umhaoise ar a mhullach. Seo thíos plean den dún.

Críochnaíonn an bealach seo ag bun an mhallaigh, áit a dtagann sé féin agus bealach na céidhe le chéile.



## Cupla Seanfhocal

Mo thoilse le toil Dé agus toil Dé go raibh déanta.

***

Is minic bean an ghréasaí ag caitheamh droch bhróg.

***

Níl tuile nach dtránn.

***

## Naíonra Dhiarmada & Ghráinne



Tá an t-am sin den bhliain orainn arís, deireadh na scoilbhliana, agus tá Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne druidte don samhradh. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Cití agus Nóra, na stiúrthóirí, as an obair thorthúil atá á déanamh acu leis na páistí.



Ar an 12ú Meithimh, sular dhruid an Naíonra, bronnadh teastas ar achan pháiste agus chuaigh siad ar thuras go "Arena 7." Mar atá le feiceáil ó na pictiurí, bhí am breá acu uilig agus bhí siad traochta ag teacht abhaile dóibh. Ba mhaith linn buíochas a thabhairt fosta do na tuismitheoirí a chuaigh ar an turas le cuidiú le Cití agus Nóra aire a thabhairt do na páistí.



Ar 15 Meithimh bhí Lá Oscailte agus Cruinniú Cinn Bhliana Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne i gCólaiste Ros Goill. Bhí seans ag na páistí a bheas ag toiseacht i Mí Meán Fómhair bualadh lena chéile agus an Naíonra a fheiceáil i mbun oibre. Bhí cóisir bheag ann do na páistí uilig, cuid acu a bhí ann don lá deireanach agus iad ag dul chuig an "Scoil Mhór" i ndiaidh an tsamhraidh. Toghadh coiste úr ag an chruinniú agus bhí Áine Ní Ghallchóir, Oifigeach Forbartha, i láthair le



labhairt leis na tuismitheoirí.

Tá áiteanna fágtha go fóill i Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne don bhliain seo chugainn agus da mba mhian leat do pháiste a thógáil le Gaeilge nó chun tuilleadh eolais a fháil, cuir scairt ar Fíona nó Sally ar: 91 54830.

## Campa Samhraidh 2007

Tá Campa Samhraidh á eagrú ag Coiste Céim Aniar do na páistí bunscoile idir 6 agus 12 bliana d'aois ón Luan 23ú Iúil go dtí an Aoine 27ú agus ón 30ú Iúil go dtí 3ú Lúnasa, in Ionad Chumann Lúthchleas Gael Na nDúnaibh, ón 10r.n. go dtí 3i.n. achan lá. Beireadh na páistí lón leofa. Beidh costas de €35 ann do sheachtain amháin nó €60 don choicís. Beidh na hábhair uilig déanta tré mheán na Gaeilge agus tá réimse leathan imeachtaí a bpleanáil amuigh faoin spéir agus taobh istigh.

Le d'áit a chur in áirithe cuir scairt ar:
Fíona nó Sally ag 9154830.

## Deis Oideachais
## Cúrsa Dioplóma sa Ghaeilge.

*Cúrsaí Gaeilge páirtaimseartha Bliain amháin nó dhá bhliain sna Dúnaibh. Is féidir leanúint ar aghaidh uaidh seo agus Cúrsa Céime a dhéanamh san Institiúid Teicneolaíochta, Leitir Ceanainn.*

*Tá na cúrsaí seo uilig faoi choimirce Ollscoil Mhic Aodha, Doire, agus cuirfear tús leis na ranganna sa tríú seachtain de Mheán Fómhair, 2007.*

Tuilleadh eolais ó Choiste Céim Aniar,
Na Dúnaibh. Fón: 074 9154830 (9am-5pm)

# Feadaímó

*Bhí Feadaímó agus Séamaí Joe ar an bhealach go Carraig Airt agus slua de mhuintir an taobh thiar leo.*
*Bhí sé socraithe go mbuailfidís le uncail Fheadaímó, Proinsí Rua agus leis na fir as an taobh thoir ar thaobh Ros na Binne de Charraig Áirt roimh bhánú an lae, agus go seasfaidís in éadan na mbáillí ansin. Bhí a fhios acu go raibh na báillí ag teacht chun na daoine uilig ar an Mheall Mhór a chur as seilbh sa dóigh is go mbeadh talamh ag an Tiarna Talún dona chuid caoirigh.*
*Shíl achan duine go mbeadh siad socraithe in áit agus cosaint mhaith ar an leithinis leagtha amach acu i bhfad sula mbeadh hata báille le feiceáil. Ach, ní mar a shíltear a bhítear i gcónaí agus nuair a bhí siad ag dul thar Loch An Chéide chuala siad glór catha thuas ar Mhallaigh an Rí. Thiontaigh Feadaímó ar chlé gan focal agus thosaigh sé ag rith. Lean an slua é agus nuair a shroich siad an cosán uachtarach chonaic siad an troid ag bun na mala.*
*Bhí clampar fiáin faoi lánseol thíos fúthu agus suas le trí scor de na báillí, bata draighin le achan fhear acu, ag dul ar chúl coiscéim i ndiaidh coiscéim agus na fir ón taobh thoir a n-ionsaí.*



*Chonaic Feadaímó Proinsí Rua istigh i lár an ghriolsa, a bhata dair a luascadh aige agus gach béic as a bhéal agus é ag spreagadh na bhfear chun tosaigh. Sular dhúirt Feadaímó focal bhris na fir a bhí leis ar shiúl agus rith siad i dtreo an chatha. Bhí lúcháir orthu seans mar seo a fháil buille a bhuaileadh in éadan an údaráis mar ní ró-mhinic a bhfaigheadh siad a leithéid. Le sin tharla rud an-aisteach ar fad. Séideadh adharc agus thiontaigh na báillí mar fhear amháin agus rith siad.*
*Bhí a fhios ag Feadaímó gur rud iontach a bhí anseo mar ní fir iad na báillí a rithfeadh chomh furasta sin. Trodaithe a bhí iontu, fir mhóra gharbha nach mbeadh eagla ar bith orthu buile a thabhairt nó a ghlacadh. Cad chuige mar sin de a raibh siad ag teitheadh mar seo agus fir Ros Goill sna sála acu.*
*Bhí cumhacht na tairngreachta ag Feadaímó [Bhí sé ráite ag na Gaeil, go mbeadh cumhacht na tairngreachta ag duine ar bith a raibh an uimhir a haon trí uaire i ndiaidh a chéile ina dháta breithe, agus dar ndóighe nuair a ghlacann tú uair a bhreithe isteach ins an aireamh (a haon a chlog) bhí sé ceithre uair i ndiaidh a chéile ag Feadaímó, mar sin de bhí an chumhacht an-láidir aige.( Rugadh Feadaímó ag a haon a chlog ar an chead lá den chead bhliain den naoú aois déag, 1-1-1800)] ach b'annamh a thiocfadh an chumhacht sin chuige, agus níor tharla sé ariamh ach nuair a bheadh sé ina chodladh. Shuígh sé ansin ar Mhallaigh an Rí ag amharc ar na báillí ag rith agus bhí a fhios aige go raibh rud éigin ciotach. Ní teitheadh ceann ar aghaidh a bhí anseo, ní critheagla a spreag é ach oiread. Bhí sé eagraithe roimh ré. Cad chuige? Bhí Feadaímó trína chéile. Cad é a bhí ag dul ar aghaidh anseo? Bhí a fhios ag na báillí go seasfadh fir an taobh thoir ina n-éadan agus nach ligfeadh siad dóibh teaghlaigh a chaithfeadh amach ar an sráid gan achrann. Bhí a fhios acu fosta go raibh an cath caillte nuair a tháinig fir an taobh thiar ar an láthair ach sin ráite cha scaipfeadh siad chomh furasta sin. D'amharc sé ar an slua uilig ag dul níos faide suas i dtreo Charraig Airt.*
*Shuígh sé ar charraig agus é ag smaoineamh. Ba mhór an trua, dar leis, nach raibh sé ábalta an tairngreacht a tharraingt ar féin am ar bith a ba mhian leis é a úsáid cosúil le Fionn Mac Cúmhail, nach raibh a dhath le déanamh aige ach a ordóg a chur isteach ina bhéal. Stad na fir ag leanstan na mbáillí mar nach raibh siad ábalta greim a fháil orthu. Stad na báillí ansin agus thosaigh siad ag scairteadh ar mhuintir Ros Goill, ag magadh fúthu agus á maslú. Bhí sé soiléir go raibh siad ag iarraidh fearg na bhfear a thógáil sa dóigh is go leanfadh siad iad.*
*Tháinig sé chuig Feadaímó ansin gan choinne agus léim sé ina sheasamh. Ní raibh feidhm le tairngreacht anois. Bhí na báillí ag iarraidh na fir as Ros Goill a mhealladh amach as an leithinis mar go raibh rudaí le déanamh acusan.*
*Bhí thart fá dheichniúr de na fir is sine, nár lean na báillí, ina seasamh ag amharc ar na rudaí a bhí ag tarlú, ina measc bhí athair Fheadaímó, Paidí. Scairt Feadaímó orthu. "Éistigí a fheara" a dúirt sé, táimid i mbuaireamh anois. "Cad chuige?" a dúirt Paidí. "Mar go bhfuil na báillí ar an Mheall Mhór," d'fhreagair Feadaímó. D'amharc siad air agus iontas orthu, dhírigh Connaí Con Mhór a mhéar ar na heachtraí a bhí ag tarlú thuas an bóthar, "Nach bhfeiceann tú na báillí thuas ansin ag rith mar a bheadh luchóga ag bun cruaiche i ndiaidh í a bheith foscailte."*
*Thosaigh sé ag gáire, "tá siad cosúil le airm an Rí a rith ar shúil ó na Francaigh i gCaisleán a Bharra le gairid." Thosaigh cuid de na fir eile ag gáire fosta ach d'aithin Paidí go raibh rud éigin ag cur isteach ar Fheadaímó. "An raibh tairngreacht agat, a Ghasúir," d'fhiafraigh sé, agus stad an gáire. Bhí a fhios acu uilig faoin chumhacht a bhí ag Feadaímó agus anois d'amharc siad air agus an cheist chéanna sna súile acu uilig. Chroith Feadaímó a cheann, " ní raibh" a dúirt sé, "ach tá a fhios agam go bhfuil siad ann agus nach bhfuil anseo ach cleas le muid a choinneáil gnóthach agus amach as an chosán. Throid sibh uilig leis na báillí ag am amháin nó ag am eile agus tá a fhios agaibh gur fir iad nach seachnódh achrann. Tá seo i bhfad ró-fhurasta. Tá botún millteanach déanta againn agus tá shúil agam nach bhfuil muid ró-mhall." Labhair Seán Mór Róise Den ansin, is fear é a raibh teach aige ar an Mheall Mhór agus anois bhí crith ina ghlór. " Caidé atá tú ag rá a Fheadaímó, níl dóigh ar bith a dtiocfadh leo a bheith ansin anois" D'amharc Feadaímó air, "a Sheáin" a dúirt sé, bheadh lúcháir orm dá mbeadh an ceart agat ach ní dóigh liom go bhfuil. Leag na báillí luíochán dúinn agus shiúl muid uilig isteach ann. Tá muidinne anseo agus má tá mise ceart tá na báillí ar an Mheall Mhór. Cha bheadh sé deacair acu theacht anonn ó Bhaile an Fhíor-uisce maidin inniu. Lig Seán Mór och amach as féin, sheas na fir eile gan focal mar bhí a fhios acu anois go raibh an ceart ag Feadaímó. " Cad é atá muid ag dul a dhéanamh anois," dúirt duine de na fir agus labhair Feadaímó. " Caithfidh mise dul*

*síos anois, faighigí sibhse na fir eile agus lean mé chomh tapaigh agus is féidir libh, ná cuirigí am ar bith amú" Le sin thosaigh sé ag rith. "Bí cúramach" scairt a athair ina dhiaidh, ach bhí a fhios aige nach dtabharfadh Feadaímó aird ar bith air. Is lúthchleasaí iontach a bhí i bhFeadaímó agus ní raibh sé i bhfad ag cur cúpla míle ina dhiaidh.*

*Ag dul síos fríd Dún Dúbháin dó, chonaic sé gasúr óg ina rith mar a bheadh an diabhal ina dhiaidh agus scairt sé air. "A Chormaic, cad é atá ort?" Las aghaidh an ghasúir suas nuair a d'aithin sé Feadaímó. A Fheadaímó, a Fheadaímó déan deifre, tá na báillí ar an Mheall Mhór agus agus tá t, t, tá teach…" Bhí sé ag iarraidh a anáil a tharraingt ag an am céanna agus ba dhoiligh é a thuiscint. "Ghlac d'am a Chormaic" dúirt Feadaímó, " tá na báillí ar an Mheall Mhór, fuair mé an méid sin, an bhfuil mórán acu ann? Agus cén áit ar thosaigh siad?" Tá suas le scór acu ann agus dúirt mo mháthair liom dul agus m'athair agus na fir eile a fháil" Is mac do Mhicheál Bhán a bhí i gCormac agus bhí a fhios ag Feadaímó gur eisean duine de na fir a lean na báillí suas an bhealaigh. Bheadh sé tamall sula mbeadh sé anseo.*

*"Fan thusa anseo a Chormaic, inis an scéal do na fir atá ag teacht agus abair leo gan am ar bith a chur amú" Le sin d'imigh Feadaímó agus imní air faoi na rudaí a bhí ag tarlú ar an Mheall Mhór. Nuair a tháinig na tithe ar a radharc thit a chroí. Bhí teach Sheáin Mhóir faoi thine agus scaifte de na báillí ag coinneáil na mná agus na páistí ar shiúl. Chonaic Feadaímó seanfhear ina luí ar an talamh, agus beirt eile agus fuil ag sileadh ó créachtaí a d'fhulaing siad agus iad ag déanamh iarracht an teach a chosaint. Bhuail taom feirge Feadaímó ach choinnigh*



*sé socair. Ní raibh a fhios ag na báillí go raibh se ansin go fóill agus sin an t-aon bhuntáiste a bhí aige. Chonaic sé cuid de na báillí ag dul i dtreo theach Mhicheáil Bháin agus léim sé thar claí agus thíos ar an trá leis. Gheobhadh sé tharstu i ngan fhios an bealach seo. Bhí píosa de shean-chíle bháid ina luí ar an trá agus thóg Feadaímó é.*

*Thomhas sé é ina láimh. Bhí sé trom agus thart fá dhá shlat ar fhad, ach ní bhrisfeadh sé a choíche. Chaith Feadaímó an bata darach a bhí leis ar shiúl, is é seo an gléas troda a bheadh aige inniu.*

*Tháinig sé aníos ón trá ar an taobh eile de theach Mhicheáil Bháin agus chuaigh sé thart ar chúl. Teach beag íseal ceann tuí a bhí ann agus é teann istigh faoi charraig. Léim Feadaímó ar an charraig agus ó sin ar an díon. Luígh sé ansin ag feitheamh ar na báillí.*

*Nuair a d'imigh Feadaímó ag rith d'iarr Paidí ar na fir a bhí leis, Feadaímó a leanstan. Chuaigh sé féin suas an bóthar i dtreo na bhfear óga. Bhí sé doiligh aige ciall a dhéanamh do rud ar bith mar bhí an oiread sin scairteadh ag dul ar aghaidh idir na báillí agus na fir. Dhéanfadh siad ionsaí ar na báillí agus rithfeadh na báillí. Thiocfadh siad ar ais píosa agus thiontódh na báillí agus thosódh an bhagairt agus an mhaslach. Faoi dheireadh tháinig sé a fhad le Proinsí Rua agus mhínigh sé dó gur cleas a bhí a imirt orthu agus go raibh an Meall Mór i gcontúirt. Lig Proinsí béic as agus thost an slua. "A fheara," a scairt sé. "Táthar ag déanamh amadáin dúinn uilig. Tá na báillí ar an Mheall Mhór agus muid ag caint." D'éirigh monabhar feirge ó na fir agus mar fhear amháin thuig siad cad é a bhí ag dul ar aghaidh agus bhí iompar na mbáillí soiléir faoi dheireadh. "Éistigí a fheara," tá Feadaímó leis féin agus cha dtig leis an lá a shábháil ina aonar. Anois, na fir is óige ó thaobh s'againne, bígí ar shiúl, ná cuir ceist ná focal ach go díreach rithigí. Bhris thart fá dhosaen ar shiúl agus rith siad i dtreo an Mhill Mhóir.*

*Labhair Proinsí le Niall Dhonncha Mhóir ansin. "A Néill," a dúirt sé, "dá seasfadh sibhse ag Malaigh an Rí le cinnte a dhéanamh nach bhfaigheadh na báillí seo thíos an bealach bheadh sé ina chuidiú." "Ná bí buartha, ní leagfaidh duine de na muca sin cos ar an leithinis an lá seo," dúirt Niall. "Anois buailigí sibhse libh agus fág na boic chliste seo againne." D'imigh Proinsí Rua agus muintir eile an taobh thoir leis agus iad ar lánsodar. D'aithin na báillí go raibh an cleas aitheanta ag na fir agus thosaigh siad ag máirseáil i dtreo Mhalaigh an Rí. Sheas Niall Dhonncha Mhóir agus na fir eile ansin ag feitheamh orthu, lúcháir ar achan fhear acu go bhfaighidís deis anois buile a bhuaileadh ar na báillí gránna.*

*Chuala Proinsí Rua agus na fir eile an glór catha ar a gcúl ach choinnigh siad ag dul díreach ar aghaidh, bhí a dtrioblóidí féin ar intinn achan fhear acu agus bhí trí mhíle idir iad féin agus an Meall Mór go fóill.*

Beidh an chuid eile ins an chéad eagrán eile.

# An Chéad Chomaoineach

*Seo pictiúir deasa de pháistí na dtrí bhunscoil agus iad i ndiaidh an Chéad Chomaoineach a dhéanamh in Eaglais Eoín Baiste, Carraig Airt ar 12 Bealtaine. Ina gcuideachta sna pictiúir tá an t-Athair Cathal Ó Beirne. Cuireadh sólaistí ar fáil do na páistí, dá dtuismitheoirí agus dá gcairde in Halla na Paróiste i ndiaidh an Aifrinn. Is cinnte go raibh lá thar barr acu uilig.*









*Fadó agus Fadó Fadó*

*An bhfuil aithne agaibh ar na páistí beaga sna pictiúir seo?*

*Tá cuid acu furasta go leor a aithint.*







An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta